2024/3128

17.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3128 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Nollaig 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 a mhéid a bhaineann le táscairí faireacháin nua agus athbhreithnithe le haghaidh na scéime feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún ([2]) tá ionstraimí rialála maidir le spriocanna a leagan amach agus le haghaidh faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhísí aerloingseoireachta agus na bhfeidhmeanna líonra i bpríomhréimsí feidhmíochta na sábháilteachta, an chomhshaoil, na hacmhainneachta agus na costéifeachtúlachta. Chomh maith le príomhtháscairí feidhmíochta ar a leagtar spriocanna amach, áirítear sa scéim táscairí le haghaidh faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht sna ceithre phríomhréimse feidhmíochta uile le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach* agus críochfoirt araon, chomh maith le feidhmeanna líonra, chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fhoriomlán an líonra.

(2) Le forbairtí nua maidir le feidhmíocht agus infhaighteacht sonraí a thomhas, bhíothas in ann feabhas a chur ar na táscairí atá ann cheana agus táscairí nua a chur leis le haghaidh faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhísí aerloingseoireachta agus na bhfeidhmeanna líonra. Tá an fhaisnéis is féidir leis na táscairí nua agus feabhsaithe a sholáthar ríthábhachtach chun an scéim feidhmíochta agus muirearaithe a fhorbairt i dtréimhsí tagartha amach anseo.

(3) Léirigh obair an chomhlachta athbhreithnithe feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 gur gá féachaint ar bhealaí chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil an líonra chun rannchuidiú le cur chun feidhme cheanglais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ([3]). Faoi láthair, ní chumhdaítear leis na táscairí ach gnéithe áirithe den ruthag eitilte. Dá bhrí sin, tá gá le táscairí nua chun feidhmíocht chomhshaoil gnéithe áirithe a thomhas ar bhealach níos beaichte, amhail oibriú ardaithe leanúnach, am innealta, agus éifeachtúlacht eitilte ingearaí. Ina theannta sin, chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil agus ar fheidhmíocht fhoriomlán, ba cheart táscairí le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phríomhréimse feidhmíochta an tréchuir gabhála acmhainneachta a áireamh.

(4) Níor cheart méadú teacht ar an ualach tuairiscithe mar thoradh ar tháscairí nua nó leasaithe a thabhairt isteach toisc gur cheart táscairí den sórt sin a ríomh den chuid is mó ar bhonn sonraí atá ar fáil cheana do Eurocontrol.

(5) Mar gheall ar an líon leasuithe is gá a dhéanamh ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 agus chun feabhas a chur ar a chomhleanúnachas struchtúrach agus teanga, ba cheart an Iarscríbhinn sin ina hiomláine a ionadú.

(6) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo sa cheathrú tréimhse thagartha agus sna tréimhsí tagartha ina diaidh sin.

([1]) IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/549/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013, IO L 56, 25.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/317/oj).

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'An Comhaontú Glas don Eoraip', (COM(2019) 640 final).

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Aerspás Aonair,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leanas:

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

In Iarscríbhinn VI, pointe 3(a), cuirtear ‘2019’ in ionad ‘2018’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN I

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA MAIDIR LE SPRIOCANNA A LEAGAN AMACH AGUS TÁSCAIRÍ LE hAGHAIDH FAIREACHÁIN

ROINN 1

Príomhtháscairí feidhmíochta maidir le spriocanna a leagan amach ar fud an Aontais agus táscairí le haghaidh faireacháin ar leibhéal an Aontais

1. SÁBHÁILTEACHT

1.1. **Príomhtháscairí feidhmíochta**

An t-íosleibhéal éifeachtachta bainistíochta sábháilteachta atá le baint amach ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta atá deimhnithe chun seirbhísí aerthráchta a sholáthar. Leis na príomhtháscairí feidhmíochta seo, tomhaistear leibhéal cur chun feidhme na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta seo a leanas:

(a) beartas agus cuspóirí sábháilteachta;

(b) bainistíocht riosca sábháilteachta;

(c) dearbhú sábháilteachta;

(d) cur chun cinn sábháilteachta;

(e) cultúr sábháilteachta.

1.2. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

(a) An ráta ionraí rúidbhealaigh ar leibhéal an Aontais lena mbaineann tionchar sábháilteachta arna ríomh i gcomhréir le pointe 1.2(a) de Roinn 2;

(b) ráta na sáruithe ar íosfhad scartha ar leibhéal an Aontais lena mbaineann tionchar sábháilteachta arna ríomh i gcomhréir le pointe 1.2(b) de Roinn 2.

2. AN COMHSHAOL

2.1. **Príomhtháscairí feidhmíochta**

Leis na príomhtháscairí feidhmíochta seo, tomhaistear meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte *faoi bhealach* an ruthaig eitilte iarbhír, arna ríomh mar a leanas:

(a) an chomparáid idir fad na coda *faoi bhealach* den ruthag iarbhír arna díorthú ó shonraí faireachais agus ón achar arna bhaint amach, arna suimiú thar eitiltí IFR laistigh den aerspás Eorpach nó trasna an aerspáis Eorpaigh mar a shainmhínítear in Airteagal 1;

(b) tagraíonn 'cuid *faoi bhealach*' don achar a eitlítear lasmuigh de chiorcal 40 muirmhíle timpeall na n-aerfort;

(c) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort lasmuigh den aerspás Eorpach nó ina sroicheann sí aerfort lasmuigh den aerspás Eorpach, úsáidtear pointí iontrála nó pointí imeachta an aerspáis Eorpaigh chun an táscaire sin a ríomh mar áit tionscnaimh nó mar cheann scríbe faoi seach, seachas an t-aerfort imeachta nó an t-aerfort ceann scríbe;

(d) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort laistigh den aerspás Eorpach agus ina sroicheann sí aerfort laistigh den aerspás Eorpach agus ina dtrasnaíonn sí aerspás neamh-Eorpach, ní úsáidtear ach an chuid laistigh den aerspás Eorpach chun an táscaire sin a ríomh;

(e) 'an t-achar arna bhaint amach' is ea feidhm de shuíomh phointí iontrála agus imeachta na heitilte isteach i ngach cuid den aerspás agus amach aisti le haghaidh na gcodanna uile den ruthag. Léiríonn an t-achar arna bhaint amach an méid a chuireann na pointí sin leis an achar mórchiorcail idir áit tionscnaimh agus ceann scríbe na heitilte;

(f) ríomhtar an táscaire le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha, mar mheán. Agus an meán sin á ríomh, eisiatar ón ríomh na deich luach laethúla is airde agus na deich luach laethúla is ísle.

2.2. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

(a) Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte *faoi bhealach* an ruthaig plean eitilte deiridh a comhdaíodh, arna ríomh mar a leanas:

(i) an difríocht idir fad na coda *faoi bhealach* an ruthaig plean eitilte deiridh a comhdaíodh agus an chuid chomhfhreagrach den achar mórchiorcail, arna suimiú thar gach eitilt IFR laistigh den aerspás Eorpach nó trasna an aerspáis Eorpaigh;

(ii) tagraíonn 'cuid *faoi bhealach*' don achar a eitlítear lasmuigh de chiorcal 40 muirmhíle timpeall na n-aerfort;

(iii) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort lasmuigh den aerspás Eorpach nó ina sroicheann sí aerfort lasmuigh den aerspás Eorpach, úsáidtear pointí iontrála nó pointí imeachta an aerspáis Eorpaigh chun an táscaire sin a ríomh mar áit tionscnaimh nó mar cheann scríbe faoi seach, seachas an t-aerfort imeachta nó an t-aerfort ceann scríbe;

(iv) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort laistigh den aerspás Eorpach agus ina sroicheann sí aerfort laistigh den aerspás Eorpach agus ina dtrasnaíonn sí aerspás neamh-Eorpach, ní úsáidtear ach an chuid laistigh den aerspás Eorpach chun an táscaire sin a ríomh.

(v) ríomhtar an táscaire le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha, mar mheán. Agus an meán sin á ríomh, eisiatar ón ríomh na deich luach laethúla is airde agus na deich luach laethúla is ísle.

(b) Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte *faoi bhealach* an ruthaig eitilte srianta is giorra, arna ríomh mar a leanas:

(i) an difríocht idir fad na coda *faoi bhealach* den bhealach srianta is giorra atá ar fáil don phleanáil eitilte, arna ríomh ag algartaim aimsithe ruthaig agus córais bhailíochtaithe phlean eitilte an Bhainisteora Líonra, agus an chuid chomhfhreagrach den achar mórchiorcail arna suimiú thar gach eitilt IFR laistigh den aerspás Eorpach nó trasna an aerspáis Eorpaigh;

(ii) meastar leis an táscaire seo na srianta aerspáis ar laethanta a bhíonn agus nach mbíonn gníomhaíochtaí míleata ar siúl a fhoilsítear sa Doiciméad Infhaighteachta Bealaigh arna eisiúint ag an mBainisteoir Líonra agus stádas iarbhír na mbealaí coinníollacha tráth an phlean eitilte deiridh a comhdaíodh;

(iii) tagraíonn 'an chuid *faoi bhealach*' don chuid lasmuigh de chiorcal 40 muirmhíle timpeall na n-aerfort;

(iv) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort lasmuigh den aerspás Eorpach nó ina sroicheann sí aerfort lasmuigh den aerspás Eorpach, úsáidtear pointí iontrála nó pointí imeachta an aerspáis Eorpaigh chun an táscaire sin a ríomh mar áit tionscnaimh nó mar cheann scríbe faoi seach, seachas an t-aerfort imeachta nó an t-aerfort ceann scríbe;

(v) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort laistigh den aerspás Eorpach agus ina sroicheann sí aerfort laistigh den aerspás Eorpach agus ina dtrasnaíonn sí aerspás neamh-Eorpach, ní úsáidtear ach an chuid laistigh den aerspás Eorpach chun an táscaire sin a ríomh;

(vi) ríomhtar an táscaire le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha, mar mheán. Agus an meán sin á ríomh, eisiatar ón ríomh na deich luach laethúla is airde agus na deich luach laethúla is ísle.

(c) Éifeachtúlacht eitilte ingearaí an ruthaig eitilte iarbhír idir barr an ardaithe agus barr na tuirlingthe, arna ríomh mar a leanas:

(i) is é an táscaire seo an céatadán d'fhad an ruthaig iarbhír a eitlítear laistigh de 1 000 troigh faoi bhun an leibhéil eitilte bheartaithe, nó ag aon airde os cionn an leibhéil eitilte bheartaithe i gcomparáid leis an bplean eitilte deiridh a comhdaíodh, arna suimiú thar gach eitilt IFR laistigh den aerspás Eorpach nó trasna an aerspáis Eorpaigh

(ii) ríomhtar an táscaire mar chéatadán le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

(d) Úsáid éifeachtach aerspáis fhorchoimeádta nó leithscartha arna ríomh mar chóimheas idir an t-am a úsáidtear go críochnaitheach le haghaidh leithscaradh nó áirithinte ón ngnáth-aerthrácht agus an t-am a leithdháileadh i dtosach don ghníomhaíocht a dteastaíonn leithscaradh nó áirithint ina leith. Ríomhtar an táscaire le haghaidh na leithdháiltí aerspáis uile a dtugtar fógra ina leith don Bhainisteoir Líonra.

(e) An ráta pleanála trí na struchtúir aerspáis atá ar fáil, lena n-áirítear aerspás forchoimeádta nó leithscartha, le haghaidh gnáth-aerthrách arna ríomh mar chéatadán de phleananna eitilte comhdaithe aerárthaí trí struchtúir aerspáis den sórt sin i gcomparáid leis an líon aerárthaí a d'fhéadfadh a bheith pleanáilte trí na struchtúir aerspáis sin. Ríomhtar an táscaire le haghaidh na leithdháiltí aerspáis uile a dtugtar fógra ina leith don Bhainisteoir Líonra.

(f) An ráta úsáide maidir le struchtúir aerspáis atá ar fáil, lena n-áirítear aerspás forchoimeádta nó leithscartha, trí ghnáth-aerthrách arna ríomh mar chéatadán d'aerárthaí a eitlíonn trí struchtúir aerspáis den sórt sin i gcomparáid leis an líon aerárthaí a d'fhéadfadh a bheith pleanáilte trí na struchtúir aerspáis sin. Ríomhtar an táscaire le haghaidh na leithdháiltí aerspáis uile a dtugtar fógra ina leith don Bhainisteoir Líonra.

3. ACMHAINNEACHT

3.1. **Príomhtháscaire feidhmíochta**

Meán-nóiméid maidir le moill BSAT *faoi bhealach* in aghaidh na heitilte atá inchurtha i leith seirbhísí aerloingseoireachta, arna ríomh mar a leanas:

(a) is í moill BSAT *faoi bhealach* an mhoill arna ríomh ag an mBainisteoir Líonra, arna sloinneadh mar an difríocht idir an t-am measta éirí de thalamh agus an t-am ríofa éirí de thalamh arna leithdháileadh ag an mBainisteoir Líonra;

(b) chun críocha an Chomhaontaithe seo:

ciallaíonn 'am measta éirí de thalamh' an t-am tuartha a bheidh an t-aerárthach san aer arna ríomh ag an mBainisteoir Líonra agus bunaithe ar an am gluaiste deiridh a measadh, nó am sprice gluaiste le haghaidh na n-aerfort sin a chumhdaítear le nósanna imeachta cinnteoireachta comhoibríocha aerfoirt, móide an t-am measta innealta-amach arna ríomh ag an mBainisteoir Líonra;

ciallaíonn 'am ríofa éirí de thalamh' an t-am a leithdháileann an Bainisteoir Líonra ar lá na hoibríochta, mar thoradh ar leithdháileadh sliotán oirbheartaíochta, a bhfuil coinne leo go n-mbeidh eitilt san aer;

ciallaíonn 'am measta innealta-amach' an t-am measta idir am gluaiste agus am éirí de thalamh. Áirítear sa mheastachán sin aon am maolánach moille ag an bpointe coinneála nó dí-oighriú cianda roimh éirí de thalamh;

(c) cumhdaítear leis an táscaire seo gach eitilt IFR agus gach cúis le moill BSAT, cé is moite de theagmhais eisceachtúla;

(d) ríomhtar an táscaire sin le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

3.2. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

(a) An meánam, arna shloinneadh i nóiméid, maidir le moill teachta BSAT in aghaidh na heitilte atá inchurtha i leith seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt agus aerfoirt agus arb iad srianta ar thuirlingt ag an aerfort ceann scríbe is cúis léi, arna ríomh mar a leanas:

(i) meánmhoill teachta BSAT a ghintear in aghaidh eitilt IFR isteach;

(ii) Áirítear leis an táscaire seo gach eitilt IFR a thuirlingíonn ag an aerfort ceann scríbe agus cumhdaítear gach cúis le moill teachta BSAT, cé is moite de theagmhais eisceachtúla;

(iii) ríomhtar an táscaire sin le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

(b) An céatadán de na heitiltí ag a bhfuil moill BSAT faoi bhealach is mó ná 15 nóiméad, arna ríomh mar a leanas:

(i) moill BSAT faoi bhealach arna ríomh i gcomhréir le pointe 3.1(a);

(ii) cumhdaítear leis an táscaire seo gach eitilt IFR agus gach cúis le moill BSAT, cé is moite de theagmhais eisceachtúla;

(iii) ríomhtar an táscaire sin le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

(c) An meánam, arna shloinneadh i nóiméid, maidir le gach cúis le moill imeachta in aghaidh na heitilte, arna ríomh mar a leanas:

(i) an mheánmhoill atá inchurtha i leith na nithe seo a leanas:

— moilleanna mar gheall ar oibríochtaí aerlíne;

— moill BSAT *faoi bhealach* arna tuairisciú ag úsáideoirí aerspáis;

— moill fhrithghníomhaíoch (iarmhartach);

— moill ar oibríochtaí aerfoirt, lena n-áirítear moill aerfoirt BSAT arna tuairisciú ag úsáideoirí aerspáis de bharr rialachán bunaithe ar mhéid tráchta ag a bhfuil suíomh tagartha atá aicmithe mar Chrios Aeradróim nó Aeradróm;

(ii) cumhdaítear gach eitilt IFR agus arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

4. COSTÉIFEACHTÚLACHT

4.1. **Príomhtháscairí feidhmíochta**

An t-athrú bliain ar bhliain ar mheánchostas aonaid arna chinneadh ar fud an Aontais le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach*, arna ríomh mar a leanas:

(a) céatadán, lena léirítear an t-athrú bliain ar bhliain ar mheánchostas aonaid arna chinneadh ar fud an Aontais le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach*, ag tosú ón luach bonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 9(4), pointe (a);

(b) arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha;

(c) is é meánchostas aonaid arna chinneadh ar fud an Aontais le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach* an cóimheas idir na costais *faoi bhealach* arna gcinneadh agus an trácht tuartha *faoi bhealach*, arna shloinneadh mar aonaid seirbhíse *faoi bhealach*, a bhfuil coinne leo le linn gach bliana den tréimhse thagartha ar leibhéal an Aontais, mar atá i dtoimhdí an Choimisiúin maidir leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais a shuí i gcomhréir le hAirteagal 9(3);

(d) ríomhtar meánchostas aonaid arna chinneadh ar fud an Aontais le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach* in euro agus i dtéarmaí réadacha.

4.2. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

An costas aonaid iarbhír arna thabhú ag úsáideoirí ar leithligh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach* agus críochfoirt ar leibhéal an Aontais, arna ríomh mar a leanas:

(a) meán ualaithe shuim an chostais aonaid arna chinneadh do gach Ballstát le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus meán ualaithe na gcoigeartuithe i gcomhréir le hAirteagal 25(2) a eascraíonn as an mbliain sin;

(b) arna shloinneadh in euro agus i dtéarmaí ainmniúla;

(c) arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

ROINN 2

Príomhtháscairí feidhmíochta maidir le spriocanna a leagan amach ar an leibhéal áitiúil agus táscairí le haghaidh faireachán ar an leibhéal áitiúil

1. SÁBHÁILTEACHT

1.1. **Príomhtháscaire feidhmíochta**

Leibhéal éifeachtachta na bainistíochta sábháilteachta i gcomhréir le pointe 1.1 de Roinn 1.

Chun críocha an táscaire seo, ciallaíonn 'áitiúil' ar leibhéal na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta.

1.2. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

(a) An ráta ionraí rúidbhealaigh ag aerfoirt atá lonnaithe i mBallstát, arna ríomh mar an líon iomlán ionraí rúidbhealaigh ag a bhfuil tionchar sábháilteachta a tharla ag na haerfoirt sin arna roinnt de réir an lín iomláin gluaiseachtaí de réir rialacha um eitilt de réir uirlisí (IFR) agus rialacha amharc eitilte (VFR).

(b) Ráta na sáruithe ar íosfhad scartha laistigh d'aerspás na n-aonad seirbhísí aerthráchta rialaithe uile i mBallstát, arna ríomh mar an líon iomlán sáruithe ar íosfhad scartha ag a bhfuil tionchar sábháilteachta a tharla san aerspás sin arna roinnt de réir an lín iomláin uaireanta eitilte rialaithe laistigh den aerspás sin.

(c) An ráta ionraí rúidbhealaigh ag aerfort arna ríomh mar an líon iomlán ionraí rúidbhealaigh ag a bhfuil aon rannchuidiú ó sheirbhísí aerthráchta nó ó sheirbhísí cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais ag a bhfuil tionchar sábháilteachta a tharla ag an aerfort sin arna roinnt de réir an lín iomláin gluaiseachtaí IFR agus VFR ag an aerfort sin.

(d) Ráta na sáruithe ar íosfhad scartha laistigh d'aerspás ina soláthraíonn na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta seirbhísí aerthráchta, arna ríomh mar an líon iomlán sáruithe ar íosfhad scartha ag a bhfuil aon rannchuidiú ó sheirbhísí aerthráchta, nó ó sheirbhísí cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais ag a bhfuil tionchar sábháilteachta arna roinnt de réir an lín iomlán uaireanta eitilte rialaithe laistigh den aerspás sin.

Ríomhfar na táscairí le haghaidh faireacháin dá dtagraítear sa phointe seo le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

Chun críocha na dtáscairí a leagtar amach i bpointe (a) agus (c), ciallaíonn 'áitiúil' ar leibhéal an aerfoirt. Chun críocha an táscaire a leagtar amach i bpointe (b), ciallaíonn 'áitiúil' ar an leibhéal náisiúnta. Chun críocha an táscaire a leagtar amach i bpointe (d), ciallaíonn 'áitiúil' ar leibhéal na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta.

2. AN COMHSHAOL

2,1. **Príomhtháscaire feidhmíochta**

Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír, arna ríomh mar a leanas:

(a) an chomparáid idir fad chuid faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír arna díorthú ó shonraí faireachais agus ón achar arna bhaint amach, arna suimiú thar eitiltí IFR laistigh den aerspás áitiúil nó trasna an aerspáis áitiúil;

(b) tagraíonn 'an chuid faoi bhealach' don achar a eitlítear lasmuigh de chiorcal 40 muirmhíle timpeall na n-aerfort tionscnaimh agus ceann scríbe;

(c) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort lasmuigh den aerspás áitiúil nó ina sroicheann sí aerfort lasmuigh den aerspás áitiúil, úsáidtear pointí iontrála nó pointí imeachta an aerspáis áitiúil chun an táscaire sin a ríomh;

(d) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort laistigh den aerspás áitiúil agus ina sroicheann sí aerfort laistigh den aerspás áitiúil agus ina dtrasnaíonn sí aerspás neamh-áitiúil, ní úsáidtear ach an chuid laistigh den aerspás áitiúil chun an táscaire sin a ríomh;

(e) 'an t-achar arna bhaint amach' is ea feidhm de shuíomh phointí iontrála agus imeachta na heitilte isteach san aerspás áitiúil agus amach as. Léiríonn an t-achar arna bhaint amach an méid a chuireann na pointí sin leis an achar mórchiorcail idir áit tionscnaimh agus ceann scríbe na heitilte;

(f) chun críocha an táscaire seo, ciallaíonn 'áitiúil' ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, ag brath ar an leibhéal ar a bhfuil an plean feidhmíochta bunaithe;

(g) ríomhtar an táscaire le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha, mar mheán. Agus an meán sin á ríomh, eisiatar ón ríomh na deich luach laethúla is airde agus na deich luach laethúla is ísle.

2.2. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

(a) Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte *faoi bhealach* an ruthaig plean eitilte deiridh a comhdaíodh, arna ríomh ar an leibhéal áitiúil mar a leanas:

(i) an difríocht idir fad na coda *faoi bhealach* an ruthaig plean eitilte deiridh a comhdaíodh agus an chuid chomhfhreagrach den achar mórchiorcail, arna suimiú thar gach eitilt IFR laistigh den aerspás áitiúil nó trasna an aerspáis áitiúil;

(ii) tagraíonn 'cuid *faoi bhealach*' don achar a eitlítear lasmuigh de chiorcal 40 muirmhíle timpeall na n-aerfort;

(iii) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort lasmuigh den aerspás áitiúil nó ina sroicheann sí aerfort lasmuigh den aerspás áitiúil, úsáidtear pointí iontrála nó pointí imeachta an aerspáis áitiúil chun an táscaire sin a ríomh;

(iv) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort laistigh den aerspás áitiúil agus ina sroicheann sí aerfort laistigh den aerspás áitiúil agus ina dtrasnaíonn sí aerspás neamh-áitiúil, ní úsáidtear ach an chuid laistigh den aerspás áitiúil chun an táscaire sin a ríomh;

(v) arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha, mar mheán. Agus an meán sin á ríomh, eisiatar ón ríomh na deich luach laethúla is airde agus na deich luach laethúla is ísle.

(b) Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte *faoi bhealach* an ruthaig eitilte shrianta is giorra, arna ríomh ar an leibhéal áitiúil mar a leanas:

(i) an difríocht idir fad na coda *faoi bhealach* den bhealach srianta is giorra atá ar fáil don phleanáil eitilte, arna ríomh ag algartaim aimsithe ruthaig agus córais bhailíochtaithe phlean eitilte an Bhainisteora Líonra, agus an t-achar arna bhaint amach arna suimiú thar gach eitilt IFR laistigh den aerspás áitiúil nó trasna an aerspáis áitiúil;

(ii) meastar leis an táscaire seo na srianta aerspáis a fhoilsítear sa Doiciméad Infhaighteachta Bealaigh arna eisiúint ag an mBainisteoir Líonra agus stádas iarbhír na mbealaí coinníollacha tráth an phlean eitilte deiridh a comhdaíodh;

(iii) tagraíonn 'an chuid *faoi bhealach*' don chuid lasmuigh de chiorcal 40 muirmhíle timpeall na n-aerfort tionscnaimh agus ceann scríbe;

(iv) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort lasmuigh den aerspás áitiúil nó ina sroicheann sí aerfort lasmuigh den aerspás áitiúil, úsáidtear pointí iontrála nó pointí imeachta an aerspáis áitiúil chun an táscaire sin a ríomh;

(v) i gcás ina n-imíonn eitilt ó aerfort laistigh den aerspás áitiúil agus ina sroicheann sí aerfort laistigh den aerspás áitiúil agus ina dtrasnaíonn sí aerspás neamh-áitiúil, ní úsáidtear ach an chuid laistigh den aerspás áitiúil chun an táscaire sin a ríomh;

(vi) 'an t-achar arna bhaint amach' is ea feidhm de shuíomh phointí iontrála agus imeachta na heitilte isteach san aerspás áitiúil agus amach as. Léiríonn an t-achar arna bhaint amach an méid a chuireann na pointí sin leis an achar mórchiorcail idir áit tionscnaimh agus ceann scríbe na heitilte;

(vii) arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha, mar mheán. Agus an meán sin á ríomh, eisiatar ón ríomh na deich luach laethúla is airde agus na deich luach laethúla is ísle.

(c) Éifeachtúlacht eitilte ingearaí an ruthaig eitilte iarbhír idir barr an ardaithe agus barr na tuirlingthe, arna ríomh mar a leanas:

(i) is é an táscaire seo an céatadán d'fhad an ruthaig iarbhír a eitlítear laistigh de 1 000 troigh faoi bhun an leibhéil eitilte bheartaithe, nó ag aon airde os cionn an leibhéil eitilte bheartaithe i gcomparáid leis an bplean eitilte deiridh a comhdaíodh, arna suimiú thar gach eitilt IFR laistigh den aerspás áitiúil nó trasna an aerspáis áitiúil.

(ii) ríomhtar an táscaire mar chéatadán le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

(d) An t-am breise sa chéim innealta-amach, arna ríomh ar an leibhéal áitiúil mar a leanas:

(i) an difríocht idir an t-am iarbhír innealta-amach agus an t-am tagartha innealta-amach;

(ii) léirítear leis an am tagartha innealta-amach an t-am idirthurais is fearr is gá chun inleadh-amach gan choinneáil;

(iii) arna shloinneadh i nóiméid in aghaidh imeachta, arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

(e) An t-am breise sa chéim innealta-isteach, arna ríomh ar an leibhéal áitiúil mar a leanas:

(i) an difríocht idir an t-am iarbhír innealta-isteach agus an t-am tagartha innealta-isteach;

(ii) léirítear leis an am tagartha innealta-isteach an t-am idirthurais is fearr is gá chun inleadh-isteach gan choinneáil;

(iii) arna shloinneadh i nóiméid in aghaidh teachta, arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

(f) An t-am breise in aerspás críochfoirt, arna ríomh ar an leibhéal áitiúil mar a leanas:

(i) an difríocht idir am idirthurais an Limistéir um Sheicheamhú Teachta agus Méadrú Teachta agus an t-am tagartha bunaithe ar amanna idirthurais an Limistéir um Sheicheamhú Teachta agus Méadrú Teachta;

(ii) léiríonn am tagartha an Limistéir um Sheicheamhú Teachta agus Méadrú Teachta agus an t-am idirthurais is gá chun an cur chuige a chur i gcrích gan coinneáil ná treorialú;

(iii) arna shloinneadh i nóiméid in aghaidh teachta arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha;

(iv) sainmhínítear an Limistéar um Sheicheamhú Teachta agus Méadrú Teachta mar shorcóir ag a bhfuil ga 40 muirmhíle timpeall an aerfoirt teachta.

(g) Éifeachtúlacht eitilte ingearaí na tuirlingthe, arna ríomh ar an leibhéal áitiúil mar a leanas:

(i) fad na heitilte comhréidhe ó thosach na tuirlingthe go tuirlingt na n-eitiltí IFR uile atá ag teacht isteach;

(ii) arna shloinneadh mar mheánfhad na heitilte comhréidhe i soicindí in aghaidh teachta;

(iii) arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

(h) Éifeachtúlacht eitilte ingearaí an ardaithe, arna ríomh ar an leibhéal áitiúil mar a leanas:

(i) fad na heitilte comhréidhe ó éirí de thalamh go dtí barr ardaithe na n-eitiltí IFR uile atá ag imeacht;

(ii) arna shloinneadh mar mheánfhad na heitilte comhréidhe i soicindí in aghaidh imeachta;

(iii) arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

(i) Úsáid éifeachtach aerspáis áitiúil fhorchoimeádta nó leithscartha, arna ríomh i gcomhréir le pointe 2.2(d) de Roinn 1.

(j) An ráta pleanála trí struchtúir aerspáis áitiúil atá ar fáil, arna ríomh i gcomhréir le pointe 2.2(e) de Roinn 1.

(k) An ráta úsáide maidir le struchtúir aerspáis áitiúil atá ar fáil, arna ríomh i gcomhréir le pointe 2.2(f) de Roinn 1.

Chun críocha na dtáscairí a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c), ciallaíonn 'áitiúil' ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis ag brath ar an leibhéal ar a bhfuil an plean feidhmíochta bunaithe, lena n-áirítear cásanna ina ndéantar an fhreagracht as soláthar seirbhísí aerthráchta a tharmligean mar thoradh ar shocruithe comhoibríocha trasteorann.

Chun críocha na dtáscairí a leagtar amach i bpointí (d), (e) agus (f), ciallaíonn 'áitiúil' ar leibhéal aerfoirt ag a bhfuil 80 000 gluaiseacht aeriompair IFR ar a laghad in aghaidh na bliana.

Chun críocha na dtáscairí a leagtar amach i bpointe (g) agus (h), ciallaíonn 'áitiúil' ar leibhéal an aerfoirt.

Chun críocha na dtáscairí a leagtar amach i bpointí (i), (j) agus (k), ciallaíonn 'áitiúil' ar an leibhéal náisiúnta le miondealú ar leibhéal réimse freagrachta na n-ionad rialaithe limistéir, lena n-áirítear cásanna ina ndéantar an fhreagracht as soláthar seirbhísí aerthráchta a tharmligean mar thoradh ar shocruithe comhoibríocha trasteorann.

3. ACMHAINNEACHT

3.1. **Príomhtháscairí feidhmíochta**

(a) An meán-am, arna shloinneadh i nóiméid, maidir le moill BSAT *faoi bhealach* in aghaidh na heitilte atá inchurtha i leith seirbhísí aerloingseoireachta, arna ríomh mar a leanas:

(i) moill BSAT *faoi bhealach*, arna ríomh i gcomhréir le pointe 3.1 de Roinn 1;

(ii) cumhdaítear leis an táscaire seo gach eitilt IFR trasna an aerspáis áitiúil agus gach cúis le moill BSAT, cé is moite de theagmhais eisceachtúla; cumhdaítear leis freisin eitiltí IFR trasna aerspásanna eile, nuair a chuirtear ceartúcháin mhoille i bhfeidhm mar thoradh ar phróiseas coigeartaithe moille iar-oibríochtaí arna chomhordú ag an mBainisteoir Líonra trína dtugann páirtithe leasmhara oibríochtúla fógra don Bhainisteoir Líonra faoi shaincheisteanna a bhaineann le moill BSAT a thomhas, a aicmiú agus a shannadh;

(iii) arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha;

(iv) le haghaidh faireacháin, déantar na luachanna arna ríomh don táscaire sin a mhiondealú ar an leibhéal náisiúnta i gcás ina suitear an plean feidhmíochta ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, lena n-áirítear cásanna ina ndéantar an fhreagracht as soláthar seirbhísí aerthráchta a tharmligean mar thoradh ar shocruithe comhoibríocha trasteorann.

(b) An meánam, arna shloinneadh i nóiméid, maidir le moill teachta BSAT in aghaidh na heitilte atá inchurtha i leith seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt agus aerfoirt, arna ríomh ar an leibhéal áitiúil mar a leanas:

(i) an mheánmhoill ar theacht ag an aerfort ceann scríbe de bharr rialacháin BSAT in aghaidh eitilt IFR isteach;

(ii) cumhdaítear gach eitilt IFR a tuirlingíonn ag an aerfort ceann scríbe agus gach cúis le moill BSAT, cé is moite de theagmhais eisceachtúla;

(iii) arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha;

(iv) le haghaidh faireacháin, déantar na luachanna arna ríomh don táscaire seo a mhiondealú ar leibhéal an aerfoirt.

Chun críocha an táscaire a leagtar amach i bpointe (a), ciallaíonn 'áitiúil' ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis ag brath ar an leibhéal ar a bhfuil an plean feidhmíochta bunaithe. Chun críocha an táscaire a leagtar amach i bpointe (b), ciallaíonn 'áitiúil' ar an leibhéal náisiúnta.

3.2. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

(a) An céatadán d'eitiltí IFR a chloíonn lena sliotáin imeachta BSAT ar an leibhéal áitiúil arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

(b) An meán-am, arna shloinneadh i nóiméid, maidir le moill réamhimeachta rialaithe aerthráchta in aghaidh na heitilte de bharr srianta ar éirí de thalamh ag an aerfort imeachta, arna ríomh ar an leibhéal áitiúil mar a leanas:

(i) an mheánmhoill réamhimeachta rialaithe aerthráchta in aghaidh na heitilte IFR amach;

(ii) áirítear gach eitilt IFR a éiríonn de thalamh ag an aerfort imeachta agus cumhdaítear moilleanna ar thosú de bharr srianta rialaithe aerthráchta nuair atá an t-aerárthach réidh an stad imeachta a fhágáil;

(iii) ríomhtar an táscaire sin le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

(c) An meán-am, arna shloinneadh i nóiméid, maidir leis an moill imeachta ar gach cúis in aghaidh na heitilte, arna ríomh ar an leibhéal áitiúil i gcomhréir le pointe 3.2(c) de Roinn 1.

(d) An céatadán d'iomlán nóiméad mhoill BSAT faoi bhealach a tharla ar laethanta nuair a bhí an tréchur laethúil os cionn an tráchta laethúil a raibh coinne leis, arna ríomh mar a leanas:

(i) moill BSAT *faoi bhealach*, arna ríomh i gcomhréir le pointe 3.1 de Roinn 1;

(ii) tagraíonn trácht laethúil a bhfuil coinne leis don phróifíl laethúil tráchta (trácht treorach) arna ríomh ag an mBainisteoir Líonra i mí Eanáir gach bliain;

(iii) Tomhaistear tréchur aerspáis agus éileamh tráchta mar iontrálacha laethúla eitilt IFR san aerspás;

(iv) is é an t-aerspás an réimse freagrachta a shainítear chun moilleanna ATFM faoi bhealach a ríomh.

(e) Meán ualaithe bliantúil an bhuaicthréchuir laethúil, arna shloinneadh mar líon eitiltí IFR in aghaidh na huaire, arna ríomh mar a leanas:

(i) is meán uimhríochtúil é an buaicthréchur laethúil den líon eitiltí IFR le linn na 3 uair an chloig de gach lá ag a bhfuil an líon eitiltí is mó;

(ii) is é an luach a úsáidtear chun an t-ualú a ríomh an líon eitiltí IFR in aghaidh an lae.

Chun críocha an táscaire a leagtar amach i bpointe (a), ciallaíonn 'áitiúil' ar an leibhéal náisiúnta le miondealú ar leibhéal an aerfoirt.

Chun críocha na dtáscairí a leagtar amach i bpointí (b), (c), ciallaíonn 'áitiúil' ar leibhéal an aerfoirt maidir le haerfoirt ag a bhfuil 80 000 gluaiseacht aeriompair nó níos mó in aghaidh na bliana.

Chun críoch táscairí a leagtar amach i bpointí (d) agus (e), ciallaíonn 'áitiúil' ar leibhéal na n-ionad rialaithe limistéir.

4. COSTÉIFEACHTÚLACHT

4.1. **Príomhtháscairí feidhmíochta**

(a) An costas aonaid arna chinneadh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach*, arna ríomh mar a leanas:

(i) an cóimheas idir na costais *faoi bhealach* arna gcinneadh agus an trácht tuartha sa limistéar muirearaithe, arna shloinneadh in aonaid seirbhíse *faoi bhealach*, a bhfuil coinne leo le linn gach bliana den tréimhse thagartha ar an leibhéal áitiúil, atá sna pleananna feidhmíochta;

(ii) arna shloinneadh i dtéarmaí réadacha agus san airgeadra náisiúnta;

(iii) arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

(b) An costas aonaid arna chinneadh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt, arna ríomh mar a leanas:

(i) an cóimheas idir na costais arna gcinneadh agus an trácht tuartha, arna shloinneadh in aonaid seirbhíse críochfoirt, a bhfuil coinne leo le linn gach bliana den tréimhse thagartha ar an leibhéal áitiúil, atá sna pleananna feidhmíochta;

(ii) arna shloinneadh i dtéarmaí réadacha agus san airgeadra náisiúnta;

(iii) arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

Chun críocha na dtáscairí a leagtar amach i bpointe (a) agus (b), ciallaíonn 'áitiúil' ar leibhéal an limistéir muirearaithe.

4.2. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

An costas aonaid iarbhír arna thabhú ag úsáideoirí ar leithligh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach* agus críochfoirt, arna ríomh mar a leanas:

(a) suim den chostas aonaid arna chinneadh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus meán ualaithe na gcoigeartuithe i gcomhréir le hAirteagal 25(2) a eascraíonn as an mbliain sin;

(b) arna shloinneadh i dtéarmaí ainmniúla agus san airgeadra náisiúnta;

(c) arna ríomh maidir le leibhéal an limistéir muirearaithe le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.

ROINN 3

Príomhthráscairí feidhmíochta maidir le spriocanna a leagan amach agus táscairí le haghaidh faireachán ar na feidhmeanna líonra

1. Beidh feidhm ag na táscairí uile a leagtar amach sa Roinn seo maidir leis an limistéar geografach a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

2. SÁBHÁILTEACHT

2,1. **Príomhthráscairí feidhmíochta**

Leibhéal éifeachtachta bhainistíocht sábháilteachta an Bhainisteora Líonra i gcomhréir le pointe 1.1 de Roinn 1.

2.2. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

Rósheachadtaí BSAT os cionn teorainneacha acmhainneachta earnála arna ndearbhú ag an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta ina bhforchuirtear rialacháin BSAT, arna ríomh mar a leanas:

(a) an cóimheas idir an t-am is mó an líon eitiltí ná 10 % de theorainneacha acmhainneachta earnála arna ndearbhú ag an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta ina bhforchuirtear rialacháin BSAT, agus an t-am iomlán ina bhforchuirtear rialacháin BSAT, arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha;

(b) chun críocha an táscaire seo, roinntear an t-am rialáilte i ndeighleoga forluiteacha in aghaidh na huaire ag gach eatramh 20 nóiméad.

3. AN COMHSHAOL

3.1. **Príomhthráscairí feidhmíochta**

An feabhas ar éifeachtúlacht eitilte *faoi bhealach* arna ghiniúint ag feidhm Leagan Amach Líonra Bealaí na hEorpa a bhaineann leis an ruthag plean eitilte deiridh a comhdaíodh, arna shloinneadh mar phointe céatadáin den athrú bliain ar bhliain ar éifeachtúlacht eitilte *faoi bhealach* an ruthaig plean eitilte deiridh a comhdaíodh agus arna ríomh i gcomhréir le pointe 2.2(a) de Roinn 1.

3.2. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

An tsuim bhliantúil de na síntí bealaigh mar thoradh ar na nósanna imeachta líonra Cinnteoireachta Comhoibríche agus ar ghníomhaíochtaí Lárionad Oibríochtaí an Bhainisteora Líonra le haghaidh choigilteas mhoill BSAT *faoi bhealach*. Tomhaistear síntí bealaigh i muirmhíle mar na difríochtaí idir achar na ruthag eitilte iarbhír tar éis tograí athródaithe a nglactar leo ón mBainisteoir Líonra maidir le heitiltí agus achar na ruthag plean eitilte deiridh a comhdaíodh sula nglactar leis na tograí athródaithe.

4. ACMHAINNEACHT

4.1. **Príomhthráscairí feidhmíochta**

(a) An céatadán de na nóiméid tosaigh iomlána maidir le moill BSAT *faoi bhealach* a sábháladh mar thoradh ar na nósanna imeachta líonra Cinnteoireachta Comhoibríche agus ar ghníomhaíochtaí Lárionad Oibríochtaí an Bhainisteora Líonra. Ríomhtar moill BSAT *faoi bhealach* a sábháladh mar an difríocht idir an mhoill tosaigh ar eitilt IFR gan na bearta agus moill BSAT *faoi bhealach* ar an eitilt sin tar éis na ngníomhaíochtaí coigiltis moilleanna. Ríomhtar moill BSAT *faoi bhealach* i gcomhréir le pointe 3.1 de Roinn 1.

(b) An céatadán de na nóiméid tosaigh iomlána maidir le moill teachta BSAT a sábháladh mar thoradh ar na nósanna imeachta líonra Cinnteoireachta Comhoibríche agus ar ghníomhaíochtaí Lárionad Oibríochtaí an Bhainisteora Líonra. Ríomhtar moill teachta BSAT a sábháladh mar an difríocht idir an mhoill tosaigh ar theacht IFR gan na bearta agus moill teachta aerfoirt BSAT ar an eitilt sin tar éis na ngníomhaíochtaí coigiltis moilleanna. Ríomhtar moill teachta BSAT i gcomhréir le pointe 3.2(a) de Roinn 1.

4.2. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

(a) An meán de líon laethúil rialacháin BSAT a mbíonn níos lú ná moill 200 nóiméad mar thoradh ar gach ceann acu, i mbliain féilire.

(b) An meán de mhoill deireadh seachtaine BSAT *faoi bhealach,* i mbliain féilire, arna shloinneadh i nóiméid maidir le moill in aghaidh na heitilte.

(c) An céatadán bliantúil de na moilleanna BSAT céaduainíochta uile le haghaidh réamhroghnú ionad rialaithe limistéir agus aerfort ina bhfuil an laghdú is mó ar mhoilleanna féideartha arna sainaithint go bliantúil ag an mBainisteoir Líonra, arna ríomh mar a leanas:

(i) moill BSAT *faoi bhealach* arna ríomh i gcomhréir le pointe 3.1 de Roinn 1;

(ii) tá sannadh mhoill BSAT in aghaidh na huaire bunaithe ar an am measta iontrála san aerspás *faoi bhealach* dá ndéantar difear;

(iii) moill teachta BSAT arna ríomh i gcomhréir le pointe 3.2(a) de Roinn 1.

5. COSTÉIFEACHTÚLACHT

5.1. **Táscairí le haghaidh faireacháin**

An costas aonaid chun cúraimí an Bhainisteora Líonra a dhéanamh, arna ríomh mar a leanas:

(a) an cóimheas idir na costais iarbhír chun cúraimí an Bhainisteora Líonra a fhorghníomhú agus an trácht *faoi bhealach,* arna shloinneadh in aonaid seirbhíse *faoi bhealach,* le linn na tréimhse tagartha, ar leibhéal an limistéir gheografaigh ina ndéanann an Bainisteoir Líonra a chúraimí is gá chun na feidhmeanna líonra a dhéanamh;

(b) arna shloinneadh in euro agus i dtéarmaí réadacha;

(c) arna ríomh le haghaidh na bliana féilire iomláine agus le haghaidh gach bliana den tréimhse thagartha.'